Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**13391/25**

**ENV 914**
**CLIMA 380**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Gnéithe comhshaoil maidir leis an gComhshocrú Eorpach um an Aigéan: Caomhnú na bithéagsúlachta muirí<br>- Seisiún tuairimíochta |

1. An 5 Meitheamh 2025, thíolaic an Coimisiún an Teachtaireacht uaidh faoin gComhshocrú Eorpach um an Aigéan[1]. Is straitéis chuimsitheach é an Comhshocrú chun cosaint níos fearr a thabhairt don aigéan, chun geilleagar gorm rathúil a chur chun cinn agus chun tacú le sláinte agus sábháilteacht na ndaoine atá ina gcónaí i limistéir chósta. Ceann de shé thosaíocht an Chomhshocraithe is ea sláinte an aigéin a chosaint agus a athbhunú.

2. Mar threoir don seisiún tuairimíochta maidir leis an gComhshocrú um an Aigéan, a bheidh ag an gComhairle (Comhshaoil) an 21 Deireadh Fómhair 2025, d'ullmhaigh an Uachtaránacht doiciméad eolais agus dhá cheist, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an doiciméad eolais ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, agus é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle le haghaidh an tseisiúin tuairimíochta thuasluaite.

---

[1] 9876/25 – COM(2025) 281 final.

**IARSCRÍBHINN**

**Gnéithe comhshaoil maidir leis an gComhshocrú Eorpach um an Aigéan: Caomhnú na bithéagsúlachta muirí**

**- Seisiún tuairimíochta -**

**Páipéar eolais ón Uachtaránacht ina bhfuil ceisteanna do na hAirí**

Tá an t-aigéan agus na farraigí riachtanach don bheatha ar domhan, agus don rathúnas, don iomaíochas, don tslándáil agus do thodhchaí inbhuanaithe. Ach tá meath ag teacht ar an muirthimpeallacht mar gheall ar éifeachtaí carnacha an athraithe aeráide, an truaillithe, agus róshaothrú acmhainní muirí. Is measa an brú sin mar gheall ar ghníomhaíochtaí eile agus bagairtí atá ag dul i méid.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, thíolaic an Coimisiún an 5 Iúil 2025 a theachtaireacht maidir le Comhshocrú Eorpach um an Aigéan. Leis an gComhshocrú, tugtar isteach fís nua d’Aontas na nAigéan, a mbeidh creat rialachais níos láidre mar bhonn taca léi chun ailíniú gníomhaíochtaí a bhaineann lenár n-aigéin a áirithiú agus chun a áirithiú go gcuirfear reachtaíocht an Aontais chun feidhme ar bhealach níos fearr chomh maith le spriocanna ceangailteacha agus uaillmhianacha araon maidir le caomhnú na n-aigéan agus bainistiú inbhuanaithe. In éineacht leis an gComhshocrú, chuir an Coimisiún an straitéis maidir le hathléimneacht i réimse an uisce i láthair freisin.

Den chéad uair, cuirtear cur chuige iomlánaíoch ar fáil ar fud na réimsí beartais agus na n-earnálacha beartais uile. Leagtar amach sé cinn de thosaíochtaí sa Chomhshocrú: (1) sláinte an aigéin a chosaint agus a athbhunú, (2) borradh a chur faoi iomaíochas inbhuanaithe an gheilleagair ghoirm, (3) tacaíocht a thabhairt do phobail chósta, do phobail oileánacha agus do phobail na réigiún is forimeallaí, (4) taighde, eolas, scileanna agus nuálaíocht maidir leis na haigéin a chur chun cinn, (5) slándáil agus cosaint mhuirí a fheabhsú mar réamhriachtanas, agus (6) taidhleoireacht an Aontais maidir leis na haigéin agus rialachas riailbhunaithe idirnáisiúnta a neartú.

Léirítear thíos an t-idirghaol casta idir spriocanna a bhaineann leis an aigéan i réimsí agus in earnálacha éagsúla beartais (féach leathanach 2 den Chomhshocrú):




Dírítear go sonrach i gCaibidil 2 den Chomhshocrú ar chur chuige comhtháite maidir le sláinte agus inbhuanaitheacht an aigéin, lena dtugtar aghaidh ní hamháin ar bheatha mhuirí agus ar sheirbhísí éiceachórais riachtanacha an aigéin a chosaint agus a athbhunú ach áirítear leis freisin ról an aigéin mar chomhghuaillí i gcomhrac an athraithe aeráide. Leagtar béim ar bhainistiú inbhuanaithe gníomhaíochtaí muirí a chur chun cinn agus ar dhul i ngleic le truailliú mara agus fionnuisce trí chur chuige ‘ó fhoinse go muir’.

Leagtar béim sa Chomhshocrú freisin ar a thábhachtaí atá cur chuige bunaithe ar éiceachórais i mbainistiú gníomhaíochtaí muirí, mar a leagtar amach sa Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, agus go bhfuil gá le tuilleadh céimeanna chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí freisin chun dlús a chur leis an dul chun cinn.

Aithnítear sa Chomhshocrú go bhfuil bagairtí móra ann d’éiceachórais mhuirí agus chósta de bharr truailliú, lena n-áirítear cothaithigh ó ghníomhaíochtaí ar talamh agus ar muir. Chun aghaidh a thabhairt ar na foinsí truaillithe talamhbhunaithe, tá sé i gceist ag an gCoimisiún freisin an cur chuige ‘ó fhoinse go muir’ a neartú, tríd an Straitéis maidir le hathléimneacht i réimse an uisce, agus tacóidh sé le pobail chósta i gcomhrac an truaillithe ar talamh, agus tabharfaidh sé aitheantas dá ról mar gheatóirí idir truailliú na talún agus díghrádú na n-éiceachóras muirí.

Tá gnáthóga muirí agus oidhreacht chultúrtha – ón móinéar féir mara go dtí an mangróbh – fós faoi bhrú ó ghníomhaíochtaí daonna ar talamh agus ar muir, rud a chuireann le tionchair an athraithe aeráide. Moltar sa Chomhshocrú gníomhaíocht atá bunaithe ar cheithre threoirphrionsabal: (1) cur chuige 'ó fhoinse go muir' maidir le truailliú; (2) prionsabal an réamhchúraim; (3) ceapadh beartas eolaíochtbhunaithe; agus (4) cur chuige bunaithe ar éiceachórais. Is é is aidhm dó comhleanúnachas níos fearr a bhaint amach ar fud na n-earnálacha ábhartha uile.

Aithnítear sa Chomhshocrú freisin an brú méadaitheach ó ghníomhaíochtaí muirí áirithe, mar shampla fuinneamh amach ón gcósta, an t-iascach agus dobharshaothrú, loingseoireacht, turasóireacht agus áineas. Trí éiceachórais agus bithéagsúlacht a athbhunú, is féidir an t-athrú aeráide a mhaolú ag an am céanna trí fheabhas a chur ar acmhainneacht gabhála carbóin nádúrtha an aigéin.

D'ainneoin feabhsuithe i réimsí áirithe, níor baineadh dea-stádas comhshaoil amach in uiscí mara uile na hEorpa fós. Thairis sin, in ainneoin an róil ríthábhachtaigh atá ag limistéir mhuirí faoi chosaint dea-nasctha agus a bhainistítear go héifeachtach mar bhealach chun éiceachórais agus gréasáin bhia a chosaint agus a athchóiriú, ní mheastar faoi láthair ach 12.3 % d'uiscí an Aontais a bheith cosanta. Níor baineadh amach go fóill sprioc Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal 30 % den aigéan a chosaint faoi 2030 ná an sprioc maidir le 10 % d'fharraigí an Aontais a chosaint go docht faoi 2030 a leagtar síos i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030. Mar thoradh air sin, chun sláinte an aigéin a fheabhsú agus a chothú, beidh gá le nuálaíocht, comhar agus tiomantas ar fud na n-earnálacha uile – ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda.

Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh an Comhaontú Domhanda maidir leis an mbithéagsúlacht mhuirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (Comhaontú BBNJ) forbairt dhearfach shuntasach a dhéanamh i ndáil le caomhnú muirí agus deis a thabhairt do náisiúin limistéir mhuirí faoi chosaint, ar mórscála, a bhunú ar an mórmhuir – lena gcumhdófaí dhá thrian dár n-aigéin.
I mí Mheán Fómhair, bhain Comhaontú BBNJ na 60 daingniú ba ghá amach, agus dá bhrí sin tiocfaidh sé i bhfeidhm i mí Eanáir 2026. Tá sé ríthábhachtach anois go ndaingneoidh Ballstáit uile an Aontais an Comhaontú, agus go gcuirfear chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach é, chun inbhuanaitheacht na n-éiceachóras muirí ar fud an domhain a áirithiú ach freisin chun ceannaireacht agus uaillmhian dhomhanda an Aontais i rialachas na n-aigéan a chaomhnú.

**Ceisteanna ar na hairí**

Iarrtar ar na hairí seisiún tuairimíochta a bheith acu maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhdhúshláin agus na príomhbhacainní chun dea-stádas comhshaoil a áirithiú inár n-aigéin, dar libh? Agus cé na príomhionstraimí atá in easnamh ina leith sin?

2. Cé na gnéithe den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí ba mhaith leat a choigeartú – agus conas a dhéanfaí é sin chun cabhrú le fís an Chomhshocraithe um an Aigéin a chur chun feidhme ar an mbealach is fearr?